Féile na hInse

Mór - Fhéile na Gaeilge in Inis, Co an. Chláir

Agallamh Bheirte do Pháistí

Féile na hInse

Agallamh Bheirte do Pháistí

Eisithe ag Coiste Féile na hInse

Cnuasach de agallaimh oiriúnach do pháistí óga agus daltaí níos sine le foghlaim agus aithris.
Tá súil againn go mbainfidh siad tairbhe agus taitneamh astu

Tá coiste na Féile fíor - bhuíoch de na húdair as cead a thabhairt dúinn iad a roinnt leis na daoine óga

Agallamh Beirte
Clár

1. Páidín agus Nóirín
2. Ryan Giggs agus An Barbr
3. An Rún
4. Ag an Dochtúir
5. Who Wants to be a Millionaire
6. An Scrúdú
7. Sa Sú
8. Máire agus An Múinteoir
9. Madra Dána
10. Top of the Pops
11. Seán Óg i dTrioblóid
12. An Leabhar Nua
13. Ag Siopadóireacht
14. Na Buachaillí Báire
15. An Anniversary
16. The Battle of the Biddies
17. Romeo agus Juliet
18. Taibhsí
19. Seasamh na mBan
20. Puncánach agus an tUachtarán
21. Mullach Mór
22. Sobal as Nuacht ar an mBosca
23. An Bhean agus An Dochtúir
24. Ag Faoistin
25. Garda agus Meisceoir
26. Margadh na hInse
27. Múinteoir agus an Leisceoir
28. Naomh Pádraig agus Naomh Bríd
29. An Peach Glic
30. Fear Cathrach agus Fear Tuaith

Páidín agus Nóirín

Páidín: A Nóirín, a stóirín, cá bhfuil tú ag dul,
Nó cad é an chúis, go bhfuil tú ag gol?

Nóirín: A Pháidín, a ghrá ghil, is trua é mo scéal,
Anois ar an mbóthar do chaill mise réal.

Páidín: A Nóirín, a stóirín, ná bac leis an réal,
Ach dún do dhá shúil, 'gus oscail do bhéal.

Nóirín: A Pháidín, a ghrá ghil, is maith liom do chleas,
Go deimhin tá an milseán go dea-bhlasta deas.
B'fhearr liom go mór ná real bhí agam,
mailín mór milseán mar an ceann thug tú dom.

Páidín: A Nóirín, a stóirín, éist le mo scéal,
Ag dul síos an bóthar dom fuair mise réal.
Cheannaigh mé milseáin ó Pheadar Mac Póil,
'Seo duit anois iad 'gus slán leat go fóill.

Domhnall Ó Loingsigh

RYAN GIGGS AGUS AN BARBÓIR

GIGGS:
A Bhearbóir, a bhearbóir
Ó féach ar mo ghruaig
Tá sé cosúil le eireaball Iora Rua.

BARBÓIR:
Nach é tuas Ryan Giggs
An Peileadóir oilte
Imríonn tú do United
Is faigheann tú na mílte.

GIGGS:
Brostaigh ort! Brostaigh ort!
Tá cluiche mór agam
Ag imirt in aghaidh Arsenal
Beidh Fergie crosta liom.

BARBÓIR:
Ó cá bhfuil mo shiosiúr?
Ó cá bhfuil sé uaim anois?
Ní féidir liom é a fháil
Ó céard a rinne mé leis.

GIGGS:
Tá deifir orm deirim leat
Stop do bhladar binn
Tá cluiche agam i ndeich nóiméad
Níl am agam do sin.

BARBÓIR:
Ó tá sé agam fan go fóill
Suí síos anseo le'd thoil
Agus a gearrfaidh mé do ghruaig duit.
Mar a d'fhoghlaim mé ar scoil.

GIGGS:
Déanfaidh mise margadh leat
Ní íocfaidh mé aon ní
Ach tabharfaidh mé ticéid duit
Don chluiche i Highbury.

BARBÓIR:
Ticéad agam don chluiche mór
Míle buíochas a dhuine cóir.
Cá bhfuil mo gheansaí is mo bhrat
Is beidh mé as seo cosúil le cat.

GIGGS:
Fan nóiméad a chlaidhre mór
Cén dathanna sin agat
Is le Arsenal iad na dathanna sin
An gheansaí is an brat.

BARBÓIR:
Is cuma liom faoi sin, a mhic
Tá na ticéid agam anois
Feicfidh mé thú ag an gcluiche mór
Go raibh maith agat Ryan Giggs.

Domhnall Ó Loingsigh

An Rún!
(Cáit agus Áine ag seasamh ar an stáitse)

Áine:
Ó a Cháit, a Cháit,
Tá tú ag breathnú níos óige, cá bhfuair tú an ghruaig
Agus na bróga.

Cáit
Ó a Áine, a Áine
Nílim sean níos mó, an maith leat mo ghruaig?
D'úsáid mé shampoo.

Áine:
Agus d'aghaidh, d'aghaidh
Cá bhfuil na línte
Bhí siad ann inné
Cad a tharla san oíche?

Cáit
Ó mo línte, mo línte
Bhí siad ann inné
Seo í mo rún
Inseoidh mé duit é.

Áine:
Ó dhéanfaidh mé aon rud
A ghrá, a ghrá
Tá sé ag teastáil uaim go géar
Tá a fhios agat cén fáth.
(Téann Áine ar ghlúin amháin)

Cáit
Déanfidh tú aon rud
Mar a dúirt tú gheobhaidh, gheobhaidh, gheobhaidh,
Agus gheobhaidh tú mo rún.

Áine:
Ach mo gúna, mo ghúna
Bhí sé loite, déanfaidh mé aon rud
Chun fáil réidh leis na línte.
(Tosaíonn Áine ag glanadh an tseomra)

Cáit
Tá sin go maith, ná fág spota mí-neata
Sin go deas, tá an seomra réitithe.

Áine:
Anois an rún
Céard é?, Céard é?
Tá mo ghúna loite
Féach ar an gcé
(Beireann Áine greim ar an ghúna)

Cáit
A Áine, a Áine, Seo é, seo é
Seo é mo rún, Oil of Ulay

Áine:
A Cháit, A Cháit,
Úsáidfidh mé tonna
Beidh muid go hálainn
Is beidh muid sona.

Domhnall Ó Loingsigh

AG AN DOCHTÚIR

OTHAR: Ó a dhochtúir, táim neirbhiseach,
Ó tháinig mé anseo,
Níl orm ach pian bheag bhideach,
Nach mbraithfeá maith nó olc

DOCHTÚIR: Ní fhéachann tú ró-iontach, caithfidh mé rá.
Táim cinnte go bhfuil tú breoite,
Nil fhios a'am fós cén fáth.

OTHAR: Níl galar ró-olc ormsa, ach táim fós ar bís,
Nil ann, ach ó am go chéile, bím lag ag titim síos.

DOCHTÚIR: Ó! A Thiarna, tá sé marbh,
Céard a dhéanfaidh mé?
Seo mo chéad duine marbh ó thosaigh mé inné.

OTHAR: Cad é?, céard é?, cá bhfuil mé?,
Céard a tharla dom,
Is maith go raibh an cathaoir ann,
Ach bhuail mé é go trom.

DOCHTÚIR: Is cinnte, go bhfuil tú breoite, mar dúirt tú ar an bhfón,
Tá leigheas agamsa duitse instealladh insan tóin!

OTHAR: Caithfidh tú bheith ag magadh,
Tá mise ceart go leor,
Ní maith liom aon instealladh,
Is ní maith liom aon dochtúir.

Domhnall Ó Loingsigh

WHO WANTS TO BE A MILLIONAIRE?

GAYBO:
Fáilte romhaibh a dhaoine go leir,
Chuig "Who Wants to be a Millionaire,"
Is mise gay Byrne leis an airgead go léir,
Is tá iomaitheoir againn, ce hé tú féin?

BECKHAM:
David Beckham is ainm dom,
Is réalt le Manchester United mé,
Tá freagra agam do gach aon cheist,
Is millún a bhuafaidh mé.

GAYBO:
Déan tú féin compórdach ansin,
Is seo dhuit an cheist, tá sé thar a bheith éasca,
Is éireoidh leat sa teist.

BECKHAM:
Ná bíodh buairt ortsa anois,
Nil faitíos ar bith orm,
Ar aon nós tá an-chuid eolais
Insan cloigeann seo agam.

GAYBO:
Seo duit an cheist mar sin a mhic,
Is inis domsa seo,
Cé hé Captaen Manchester United,
Ar an bhfoireann sacair acu.

BECKHAM:
Ó is ceist dheacair é sin anois,
Nil freagra agam air,
Glaofaidh mé ar Roy Keane,
Beidh an freagra ceart aige.

GAYBO:
Is smaoineamh maith é sin dar ndóigh,
Gheobhaimid é ar an line,
Is iarr an freagra ceart air ansin,
Is buafaidh tusa mile.

BECKHAM:
Dia duit Roy, is seo an cheist,
Tá captain United uaim,
In ainm Dé níl fhios aige,
Tá gach rud caillte agam.

Domhnall Ó Loingsigh

An Scrúdú

Siobhán

Bhí scrúdú againn sa scoil inniu, scrúdú litriú fada,
Bhí mé chomh neirbhiseach sin,
Nár smaoinigh mé ar thada.

Nóirín

Sea, bhí an múinteoir ag tabhairt amach,
Bhí sí cosúil le béar,
Ag rá go mbeadh droch-am dóibh siúd,
Nach bhfaigheadh iad go léir.

Siobhán

Chuala mé i ceart go leor, bhí mo croí im' bhéal
Bhí mé ag foghlaim an oíche ar fad,
Níor chodail mise néal.

Nóirín

Ó, d'fhoghlaim mise le Mamaí iad,
Go dtí go raibh sí bodhar, rinne mé iad míle uair,
Bhí siad agam de ghlanmheabhair.

Siobhán

Nuair a thosaigh sí á glaoch amach,
Cheap mé go bhfaighinn bás,
Is an comórtas don dhuine ab'fhearr,
Ní raibh mé riamh sa rás.

Nóirín

Fuair mé gach ceann ceart dar ndóigh,
Is cogar i do chluais, muna bhfuil breall orm,
Gheobhaidh mé an chéad duais.

Siobhán

Dúirt mise paidir mór go Dia,
Is bhí an t-ádh dearg liom,
Fuair mé, féach, céad faoin gcéad,
Is thug sí an duais dom.

Nóirín

Fan go fóill, níl sé sin i gceart,
Is liomsa an duais sin,
Ó cén mhaith a bheith chomh hiontach seo,
Nach ndéanfadh sé tú tinn!



Domhnall Ó Loingsigh

SA SÚ

MÁIRE:
Ó, a Mhamaí, nach bhfuil sé go hiontach,
Bheith anseo, insan Sú leat inniu,
Ag breathnú ar gach ainmhí
Is ag ithe mo chriospaí go tiubh.

MAMAÍ
A Mháire, ní mór duit bheith aireach,
Is gan dul ró-ghar do na cáis,
Tá roinnt díobh thar a bheith fíochmhar,
Ní theastaíonn uaim go bhfaighfeá bás.

MÁIRE:
A Mhamaí, féach ar an moncaí,
Tá banana aige ina láimh,
Is ansin an eilifint le trunc air,
Is tíogar ina chodladh go sámh.

MAMAÍ
A Mháire, ná bac leis na hainmhithe sin,
Ach féach ar an gcoinín beag bán,
Nó féach ar an pelican greannmhar,
Lena gob mór ramhar atá lán.

MÁIRE:
Ó, a Mhamaí, níl suim agam iontu,
Ba mhaith liom dul chuig an leon,
Ní maith liom na hainmhithe beaga,
Na lucha, na muca 's na róin.

MAMAÍ
Ó a Mháire, níl fhios agam freisin,
Cén fáth go bhfuil fonn ort mar sin,
Gan bacaint le leon nó cobra,
Ach chimp, nó éinín beag binn.

MÁIRE:
Ní maith liom an sú seo a thuilleadh
Níl sport nó spraoi ar bith ann,
Tá sé chomh maith dúinn dul abhaile
Ar aon nós tá pian i mo cheann.

MAMAÍ
A Mháire, cad é sin sa láimh agat,
Féachann sé cosúil le béar,
Ó, níl ann ach do mhála beag scoile,
A thug tú ón gcistin aréir.

Domhnall Ó Loingsigh

Máire agus an Múinteoir

Múinteoir:

A Mháire Ní Riain, tar amach anseo chugam,
Is tabhair dom an obair d'aréir,
Tá tú i bhfolach ansin le tamall anuas
Cosúil le coinín sa bhféar

Máire

A Mhúinteoir, mo chara, is oth liom a rá
Nach bhfuil sé agam i mo mhála
Ní foláir ná gur fhág mé sa chistin aréir
An cóipleabhar, is an leabhar, ar an tábla
.

Múinteoir:

A Mháire Ní Riain, is seafóid é sin,
Ag insint os comhair Dé,
Níl deireadh go deo leis na bréaga agat,
An gceapann tú gur rugadh mé inné.

Máire

A Mhúinteoir, mo chara, inseoidh mé duit,
Cad a thárla sa teach dúinn san oíche.
Do briseadh isteach, is tógadh gach rud
Is ní bhfaighimid ar ais iad riamh choíche.

Múinteoir:

A Mháire Ní Riain, tá deireadh anois,
Leis na scéalta a ghlacfaidh mé uait,
Má thagann tú suas le ráiméis mar sin,
Tiocfaidh bronntanas mór uaim chugat.

Máire

A Mhúinteoir, mo chara, níl bréag ar bith ann
San rud atá ráite agam,
Sciobadh gach rud, níl fágtha anois
Ach na fallai 's an díon os ár gcionn.

Múinteoir:

A Mháire Ní Riain, a chréatúirín bhig,
Is nuacht uafásach é sin,
Tar anseo is sui síos, is glac sos duit féin,
Ní foláir ná go mbraitheann tú tinn.

Máire

A Mhúinteoir, mo chara, is deas uait é sin
Ach ba mhaith liomsa písín beag aer,
Is ceart domsa bheith na mílte uaidh seo,
Sar a dtuigeann sí gur bréag é go léir

Domhnall Ó Loingsigh

MADRA DÁNA

FEAR:
Gabh mo leithscéal a bhean,
Tá fadhb bheag agam
An madra sin agat,
Is crá croi eisean dom.

BEAN:
Céard atá á rá agat leis,
Ó Fifi a stór,
Ná bac leis an bhfear sin,
Ná lena ghlór.

FEAR:
Bhuel, anois a bhean uasal,
Seo é an scéal,
Bhí do mhadra anseo,
Is cnámh ina bhéal.

BEAN:
Féach tá sí ag crith,
Ó Fifi, a ghrá
Ni ligfidh mé don bhfear sin,
Níos mó fút a rá.

FEAR:
Is amhlaidh, a bhean,
Chuir sí an cnámh ins an gcré,
Is loit sí na bláthanna
A chuir mé inné.

BEAN:
Ó Fifi, a stóirín,
Ná tabhair aird ar bith air,
Ní dhéanfá a leithéid,
Mo mhaidrín séimh.

FEAR:
Gabh mo leithscéal a bhean,
Níl aon dabht ar domhan,
Ach go ndearna sé é
Le dúil agus le fonn.

BEAN:
Tá Fifi ró-mhúinte,
An ndeireann tú liom,
Go mbacfadh sí le cnámh,
Seachas Pedigree Chum!

Domhnall Ó Loingsigh

Top of the Pops



Athair:

A Eoghain, a Eoghain,
tar anseo go pras
Is déan d'obair bhaile
Tá tú sáite sa seomra ansin faoi ghlas
Ó tháinig tú abhaile.

Buachaill:

A Dhaid, a Dhaid, fan go fóill,
Táim ag éisteacht le mo raidió
Seo an clár le scoth an cheoil
Hé hó mo Daideo.

Athair:

Ná bac le ceol den chineál sin
Nár dúirt mé leat go minic
Má éisteann tú le stuif mar sin
Criochnóidh tú i gclinic.

Buachaill:

Ach seo é ceol na linne seo
An fhuaim do dhaoine óga
Seo an ceol don duine seo
Lem' éadaí is mo bhróga.

Athair:

Cén mhaith duit sin ag dul ar scoil
Is beidh tú ann amárach
Déan do chuid oibre le do thoil
Chun bheith réidh don mháistir.

Buachaill:

Ach seo an clár is fearr go o deo
Téann sé amach gach oíche
Is tá seo ag teacht i stereo
Ní bheidh a leithéid ann arís choiche.

Athair:

Stop an bladar deirim leat
Is inis domsa láithreach
Cén duine nó cén ghrúpa ait
Leis an torann sin uafásach.
"Boyzone," ceapaim, nó b'fhéidir "Five" B*witched nó fiú "Oasis," S Club 7 nó
seans "Westlife."

Buachaill:

Níl cliú agam in aon chor.
Níl cliú agat faoin diabhal ceol sin,
Fág sin i do dhiaidh go gasta,
Is taispeánfaidh mise duit "Rock & Roll"
Sin an ceol deas snasta.

Domhnall Ó Loingsigh

Seán Óg i dTrioblóid

Fiona: A Mhúinteoir, a Mhúinteoir,
Féach, cad a rinne Seán Óg,
Tharraing sé mo ghruaig,
Is bhris sé mo bhábóg.

Múinteoir: Bhris sé do bhábóg?
Beidh níos mó na sin briste
Tá seisean an-dána,
Is níl sé sin cliste.

Fiona: Ó, níl se cliste, Mhúinteoir
Níl ann ach pian sa cheann,
Ghoid sé mo ruibéar,
Is bhris sé mo pheann.

Múinteoir: Tógfaidh mé isteach é,
Beidh sé an go dtí a ceathair
Is scríobhfaidh mé litir,
Chuig a Mhathair 's a Athair.

Fiona: Déan é sin a Mhúinteoir,
Is déan é anois,
Agus muna mbíonn sé i gceart,
Tóg amach an chrios!

Múinteoir: Gheobhaidh mé anois é,
An buachaill gan ciall
Tá sé i dtrioblóid,
Mar bhris sé an rial!

Fiona: Ó maith thú a mhúinteoir,
Tá tú thar a bheith maith
Is air a bheidh brón,
Pleidhce gan rath.

Múinteoir: An stopann tú riamh?
A chailín an bhladair,
Beidh tusa istigh,
Ag aithris paidir.

Fiona: Tá mise ag imeacht,
Ní déarfaidh mé a thuileadh
Anois a Sheáin Óg
Tá an Múinteoir ar buile!

Domhnall Ó Loingsigh

AN LEABHAR NUA

Máire: Ó féach ar an leabhar seo, nach deas an leabhar é,
Mar bhronntanas dom' bhreithlá sea fuair mé é,
Fuair mé a lán rudaí eile, mar bábóg 's béar,
Ach seo é mo rogha de na bronntanais go léir.

Bríd: Is gleoite an leabhar é, níl aon dabht faoi sin,
Leis na leathnaigh mora agus an clúdach dearg mín.
Is inis dom a Mháire, cén duine séimh,
A thug an leabhar deas duit, mar bhronntanas le léamh?

Máire: Tháinig m'Aintín Nóra ó Mheiriceá inné,
Thug sí rud deas do gach duine, tar éis an tae,
Ach bhi fhios aici go maith go raibh breithlá agam
Is thug sí an leabhar seo mar bhronntanas dom.

Bríd: Tá sé gleoite go cinnte tá a lán pictiúir ann,
Agus scéalta deas fada, le gliondar is greann,
Tar éis iad a léamh, biedh tú an-eolach faoi
Fathaigh 's taibhsí, síoga 's draíocht.

Máire: Ó thosaigh mé láithreach á léamh aréir,
Tá an-chuid scéalta ann, gach rud faoin spéir,
Bhí dhá ceann díobh léite agam roimh am dul a luí
Ceann faoi shíoga 's ceann eile faoi Rí.

Bríd: Ón gcuma atá air, bhí an leabhar sin an-daor,
Ni thiteann leithéid díreach ón spéir,
Ní mór duit bheith cúramach, tabhair an-aire dó
Is ná lig d'aon dochar ar bith tarlú dó.

Máire: Níl fhios ag mo Mhamaí fiú go bhfuil sé ar scoil,
Má tharlaíonn aon rud dó, críochnóidh mé ag gol,
Tóg i do láimh é, 's féach air go pras,
Is ná lig do phíosa ar bith titim as.

Bríd: Ó tá sé go gleoite, Ó céard a tharla anois
Thit sé dem' láimh 's an clúdach do bhris,
Is feicim do Mhamaí an treo seo ag teacht,
Seo duit do leabhar deas, tá mise ag imeacht!

Domhnall Ó Loingsigh

Ag Siopadóireacht

Róisín: Dia dhuit a Cháit nach luath 'tá tú amuigh
Is inis dom seo, an bhfuair tú "bargain" ar bith
Táim luath mé féin, roimh an slua ar fad
Chun na "specials" a fháil, sea déanfaidh mé slad.

Cáit: Bíonn an péistín is fearr ag an éan atá moch
Féach ar an raon stuif idir bhia agus deoch
Arán agus im agus feol de gach saghas
Torthaí 's glasraí, cuid mhaith ar leath-phraghas

Róisín: Feicim iad cinnte ach tá gach rud chomh daor
Leis an diabhal "single market" níl aon rud anois saor
Féach, prátaí ón Olainn ar "fiver" plus cáin!
Sprouts ón mBruiséal 's trátaí ón Spáinn.

Cáit: Caithfidh tú bheith cliste, oscail na súile
Is féach ar na praghasanna sna siopaí éagsúla
Tesco do chácaí, brioscaí 's "buns"
Ach le haghaidh na "beef burgers"téigh díreach go Dunnes.

Róisín: Ach a Cháitín, a chara, tá sé sin ceart go leor
Ach chun gach rud a cheannach, theastódh uait ór
Beidh na páistí gan greim, fiú arán 's im
Leis an cáin atá orthu ag an diabhal Ruairí Quinn.

Cáit: Níl rudaí chomh holc sin, fuair mé margadh mór
Uibheacha úra 's sailéad 's feol
Is céard fút féin leis na súile atá géar
Ní foláir go bhfuair tú "bargain" an lae

Róisín: Leis an "inflation" seo ní mór dom bheith tíosach
Is leis féin bheith as obair níl rudaí ach cuíosach
Ach fuair mé "highlights" don ghruaig 's "Oil of Ulay"
Buidéal cumhráin 's bosca "Milk Tray"!!

Domhnall Ó Loingsigh

Na Buachaillí Báire

Úna: A Aisling, a chara, a Aisling, a chroí
An bhfaca tú an teilifís ag a 10 chun a 9
Lads mór an Chláir le Corn Mhic Cárthaigh
I lámha mor álainn Tony Ó Ceallaigh.

Aisling: Sea Úna, a stóirín bhí mé sa seomra im' shuí
Is ar an teilifís ansin chonaic mé Tony Ó C
I na leibide uafásach ina chaptaen ar an gClár.
Tá O'Donnell níos fearr, bhí seisean thar barr.

Úna: A Aisling, a chroí an ag magadh atá tú
Shane O'Donnell, níl seisean sásúil
Is é an fear mór iontach Tony Ó C
An fear is fearr mar scoib sé mo chroí

Aisling: Go bhfóire Dia orainn, a Úna a chroí
Is maith leat an chaptaen Tony Ó C
Nuair atá Shane O'Donnell laoch an Chláir
Cróga 'gus maith, Shane tá tú thar barr

Úna: Ach bhí Tony top notch san All-Ireland a chroí
I bhfad níos fearr ná an leibide Shane
An bhfaca tú nuair a fuair Corcaigh an chúl
Bhí O'Donnell ansin ag fáil salach as a shúil

Aisling: Ach bhi Shane top notch an lá stairúil sin
Ag stopadh na liathróide 'gus á stopadh go cruinn
Tony Ó Ceallaigh ní raibh seisean ró-mhaith
As Contae an Chláir, sé Shane na tops

Úna: Ach tá Tony go hiontach go láidir go cróga
Bheadh Shane ró eaglach a bheith ina bhróga
Le liathróidí ag dul ar dheis agus clé
Ach maith thú a Tony bualfaidh tú é.

Aisling: Mo náire thú a bhean nílim ag iarraidh caint leat
Mar molann tú an Ceallaigh tá sé sin an ait
Tá mise ag imeacht abhaile go réidh
Mar tá Shane O'Donnell ag teacht le haghaidh tae

Úna: Tá an bhean bhocht imithe glan as a cheann
Sé Tony an fear ab álainn ar domhain
Is maith léi O'Donnell, tosaitheoir an Chláir
Nuair atá an lead Tony Ó Ceallaigh thar barr.

Domhnall Ó Loingsigh

ANNIVERSARY

Vera: Cá bhfuil an ladhb Jack Duckworth, tá sé i gcónaí mall
Ag cur a chuid airgead amú sa siopa "Bookies" thall
Nuair a thagann sé beidh mise réidh, tabharfaidh mé faoi go tiubh
An t-amadán, níor smaoinigh sé go bhfuil ár Anniversary ann inniu

Jack: Ó Vera a chroí tá cathú orm go bhfuilim beagáinín déanach
Táim caite amach ó bheith ag rith mar chaill mé an táille traenach
Tá poll im' phóca, féach anseo, 's thit an rud amach
Bhí orm siúl an slí ar fad gur shroich mé anois an teach.

Vera: A leibide gan ciall, an gceapann tú gur rugadh mé inné
Is an poll úd sin tá tuairim agam gur tusa a rinne é
Tá's agam thar rud ar bith nach raibh tú ag an faoistin
Ach ag ól leis na cairde sin saite istigh sa "Legion"

Jack: A ghrá mo chroí ná bí mar sin, tá gach rud just O K.
Tá bronntanas anseo agam duit bosca breá Milk Tray.
Ach rud amháin bhí timpiste, 's bhí roinnt díobh beagáinín loitithe
Agus bhí ocras ar mo ghoile bocht, 's tá na cinn sin ite.

Vera: Is suarach gránna an duine tú, 's mé anseo liom féin
Sáite anseo sa Rovers Return, ag obair ar feadh an lae
Ag breathnú ar custaméirí 's iad ag éirí glórach
Ag caint, ag ól, ag ithe bídh 's ag lorg tuilleadh beorach.

Jack: Tá tinneas cinn uafásach orm ní bhraithim go maith in aon chor
Ba cheart dom dul is luí síos b'fhéidir go nglacfainn Aspro
Dá mbeadh cupán tae agam chomh maith, is b'fhéidir píosa tósta
Slisín bágún, ispín nó dhó 's cúpla práta rósta.

Vera: Gabh amach as sin a chlaidhre mhór is cuir cruth ort féin go tapa
Ba cheart do thusa bheith ag tabhairt mo bhricfeasta dom sa leaba
Glan suas an áit gan moill níos mó, 's faigh dom buidéal fuisce
Caith na fiallaí sin sa bhin anois, ní fiú iad a chur in uisce.

Jack: Ar m'anam beo is bean í sin nach féidir í a shásamh
Ag síor gearán faoi mhionrudaí, anniversaries an bhrean chráite
Bhuel, tógfaidh mé mo bhláthanna is mo sheacláidí Milk Tray
Is tabharfaidh mé do mo phigeons iad, Vera chaill tú é.

Domhnall Ó Loingsigh

BATTLE OF THE BIDDIES



Biddy Earley: Is mise Biddy Earley ó Chontae an Chláir
Le laochra na hiomána a fheiscint ar pháirc an áir
Thall i bPáirc an Chrócaigh, atá díreach suas an ród
Tá ticéad anseo agam anois don Ardán Nua Chíosóg

Biddy Mulligan: Is mise Biddy Mulligan, is anseo a bhím' a' díol
Do dhaoine tuaithe ocrachacha ó gach aon contae sa tír
Dhéanfainn cairn airgid dá n-íosfaidís le fonn –
'Seo úlla, piorraí, oráistí, fiche cent an ceann."

Biddy Earley: Cé hé seo ag tarraingt ormsa leis an ualach mór earraí,
Is cuma caite uirthi is torthaí aici á dhíol.
Gabh i leith a dhuine uasal is inis dom gan bréag
Cé mhéad lá 's oíche a d'fhág an t-úll seo géag.

Biddy Mulligan: In ainm Dian na cruinne, céard 'tá casta orm?
Gléasta mar fhear bréige i ndathanna omra 's gorm.
Hata, scairf 's geansaí is banner le 'Up Clare'
"Culchie" í go cinnte, le boladh bó 's féar.

Biddy Earley: A leithéid de mhasla gránna ó "gurrier" mar thú.
Ón gcuma atá ortsa d'fhéadfá teacht ón Sú.
As mo bhealach le do thoil anois, tá deifir an mhór orm,
Teastaíonn uaim a bheith sa pháirc nuair a bhuafaidh an Clár an Corn

Biddy Mulligan: Caithfidh tú bheith a' magadh, ní bhuann sibh aon ní –
Ní raibh sibh san 'All Ireland le scór bliain 's trí,
Níor bhuaigh sibh Corn Mhic Cárthaigh ó bhliain an Choghaidh Mhóir,
Cén fáth mar sin a cheapann tú gur seo bhur mbliain, a stór.

Biddy Earley: Is mise Biddy Earley ón bhFiacail álainn seóigh
Tá cumhachtaí láidre ait agam a d'úsáid mé uair nó dhó.
Tá buidéal gorm anseo agam ní fhaca tú a leithéid
Dhá bhraon de seo de leads an Chláir, is buafaidís ar chéad!

Biddy Mulligan: Is cuma liom cad as duit féin tá tú sa "smoke" anois!
Bhuafadh na "Dubs" ar bhur leithéid, go deimhin ar dhream ar bith.
Is "Dub" mé féin ón Coombe tá's agat, táimid níos fearr ná éinne,
Tá an fhoireann is fearr ar domhan againn, "Hurá do Jason-mania!"

Biddy Earley: Ó ceart go leor a dhuine cóir, níl aon ghá bheith mar sin,
Ní theastaíonn uaim ach dreas comhrá i bhfocla séimhe binn.
Ach leis an gCorn, beidh féasta againn, uaidh seo go deireadh Eanáir.
Ní mór dom rith tá an cluiche linn, ar aon nós "UP THE BANNER!"

Domhnall Ó Loingsigh

ROMEO & JULIET

JULIET: Ó Romeo, Ó Romeo, táim thuas anseo liom féin
Cá bhfuil tú uaim a ghrá mo chroí, tá tú i bhfad i gcéin
B'fhearr liom thú ná éinne beo a bhuachaillín a leana
Cá bhfuil tú a deirim arís, do ghlaoigh mé IO n-uair cheana.

ROMEO: Ó Juliet, Ó Juliet, is thíos anseo atá mé
Is toisc go bhfuil mé scartha uait, is mór an mí-ádh é
Chuala mé do ghuth deas binn, is rith mé ar nós na gaoithe
Chun a insint duit faoin bplean agam do anocht i lár na hoíche.

JULIET: Is cuma liom faoin bplean agat, ach inis dom gan bréag
Go bhfuil mé níos deise ná éinne beo, ná Mona Lisa féin.
Mo shúile gorma, mo leicne dearga, m'fhiacla bána istigh
Is ní gá a rá arís go deo faoin faithne ar mo smig.

ROMEO: Is fíor a rá a ghrá mo chroí go bhfuil tú álainn ó
Gan dabht ar domhan níl éinne ann, go deimhin marbh nó beo
Atá chomh séimh is umhal leat féin, 's tá's ag Rí na Féile
Nach aon áibhéil a rá ó bhéal go bhfuil tú trína chéile.

JULIET: Cén rud é sin á rá agat, ní chloisim tú i gceart
Ní thuigim leath den mutaráil, a Dhia tabhair dom neart
Muna labhraíonn sé amach os ard, i bhfocla a thuigim
Bainfidh mé splac tintri le buile groí ar bharr a shean-chloigeann.

ROMEO: Ó Juliet, a réalt mo shaoil, seo é mo phlean anocht
Go n-éileoimid, an bheirt againn ar dhroim m'asail bhoicht
T'ás agam nach mbeadh sé deas leis an caisleán seo galánta
Is bheadh ort codladh amuigh istoíche, i bpáirceanna is bánta.

JULIET: Má cheapann tú ar feadh nóiméad go gcuirfinn suas le sin
A Romeo mo chroí istigh, ní foláir go bhfuil tú tinn
B'fhearr liom bheith anseo liom féin ná codladh amuigh san oíche
Má's sin an méid atá le rá agat, ní rachaidh mé leat choíche.

ROMEO: Bhí fhios agam an t-am ar fad nach raibh tú i ndáiríre
Ach focal folamha ansin agat an cineál cainte is saoire
Imeoidh mé ar mo asailín, is rud níos measa fós
Ní shuífidh tú ar a dhroimín, is ní bhfaighidh tú mo rós!

Domhnall Ó Loingsigh

TAIBHSE

BRÍD: Ó nach iontach é an Bingo leis na huimhreacha go seoigh
As fear a bhíonn á bpiocadh tá seisean áláinn-ó
Téim ann gach oíche is cuma sneachta nó fiú sioc
Is anois do b'fhiú an iarracht, bhí an "snowball" agam anocht

TAIBHSE: Anocht tá Oíche Shamhna ann is ní mór bheith amuigh
Chun eagla a chur ar gach éinne, BOO! Gan cúis ar bith
Tá cónaí orm sa reilig thall ach anocht tá mise saor
Chun scanradh a leathnú ar fud an domhain go léir.

BRÍD: Gabh mo leithscéal a dhuine uasail, ní fhaca mé thú ansin
Ní raibh tú ag an Bingo, tá mise deimhin de sin
Ní raibh tú in san tábhairne don craic is ól is greann
Mar cheannaigh mise deochín do gach duine ann.

TAIBHSE: Tá brón orm cur isteach ort a bhean cóir na bhfocal binn
Ach ní maith liom nuair a deir tú go gcaithfidh mé bheith tinn
Le insint lom na fírinne bhí mé tinn i fiche dó
Mar sin an bhliain is deiriní go raibh an corp seo beo!

BRÍD: Go bhfóire Dia orainn anocht, 'bhfuil tú a rá go bhfuil tú marbh
Is gur tháinig tú anseo ó pholl mór dubh sa talamh
Más fíor é sin táim as seo chomh tapaidh leis an splanc
Is cuirfidh mé an "snowball" seo caol díreach ins an bhanc.

TAIBHSE: Ó le do thoil, ná himigh uaim, fan go fóillín, déan.
Tá fadhb agam, sé sin le rá táim caillte, ó mo lean!
Níl fhios agam ó Neamh anuas cá bhfuil mo bocht
A d'fhág mé nuair a thosaigh mé ag scanradh daoine anocht.

BRÍD: Más mar sin atá tú a chara dhil, is féidir leat teacht liom
Cuirfidh tú spiorad is ardu chroí sa féasta atá beartaithe agam.
Tabhair dom do lámh, má tá lámh agat, is tóg an buidéal sin
Is ól ar aghaidh gan aon fhadhb is canfaimid go binn.

TAIBHSE: Táim an-bhuíoch a dhuine chóir, beidh áthas orm dul
Go dtí do theach is an féasta breá, anois ní bheidh mé ag gol
Mar anois tá teach 's daoine agam nach raibh agam le blianta
Is beidh an-spórt is craic agam - á scanrú dos na cianta!

Domhnall Ó Loingsigh

Sásamh na mBan

Peigí: Muise Taimín a stór, agus Taimín a chroí
Éirigh i do sheasamh 's bí i do shuí
Tá na "Sales" díreach tosaithe, sé Roches is fearr,
Ach cén mhaith a beith ag caint leat, níl ionat, ach fear!

Taimín: Rugadh go hóg mé, le dhá shúil i mo cheann,
Ach tá rudaí nach bhfaca mé, nuair a phós mé mo bhean!
Mheall tú le póg mé, is do ghlór álainn binn
Ansin chuir tú poll i mo phóca, nár deisíodh ó shin.

Peigí: Cuir críoch leis an bport sin, bhíonn agat gach lá,
Is deacair a thuiscint, cén chaoi ar thit muid i ngrá,
Idir "Cá bhfuil mo bhríste?", 'gus "Cár thóg tú mo léine?."
Ach tá Peigí an sclábhaí, ag iarraidh cothrom na féinne.

Taimín: Tá an oiread sin éadaí agat, thiar ag an teach,
Nach n-éireodh le N.A.T.O. an áit a ghlanadh amach,
Is baolach an aistear é, ó leaba go doras
B'fhearr liom Cruach Phádraig, aon lá mar thuras.

Peigí: Cuir srian le do theanga, is ná bí searbhasach,
B'fhearr leat a bheith ar stól ard le do chosa ag luascadh
Ní fhaca mé riamh duine chomh leiscúil
Ní mhúchfá do thart ach le deoch atá meisciúil

Taimín: Níl tine in Ifrinn sách te do do leithéid,
Bheadh comhrá níos fearr agam le míoltóg nó feithid
Shílfeá gur Máthair Mac Dé thú, a rugadh gan smál
Chuirfeá do shrón tríd an fhuinneog, chun "bargain" a fháil!

Peigí: Ó a Taimín tá mé gortaithe go ndéarfá sin fúm,
Níor theastaigh uaim ach stocaí, sin an méid a bhí uaim,
An amhlaidh go bhfuil tú ocrach, níl uait ach greim le n-ithe,
Níor chuala mé an caint sin uait, le bliain anois is fiche.

Taimín: Muise a Pheigí a chroí, ní raibh mé ar buille,
Ach níl neart ar mo theanga agam nuair a thosaíonn gleo an ghoile
Tá McDonalds díreach taobh linn, an áit le haghaidh béile,
Is ansin ceannóidh mé stocaí do chailín mo chléibhe.



Domhnall Ó Loingsigh

AN PUNCÁNACH AGUS AN †UACHTARÁN



Punc: A Uachtaráin, a Shoilse is breá liom do theach
Is mo bhuíochas ó chroí leat as mé 'ligint isteach'
Tá gach duine chomh deas liom ó tháinig mé inné
Go hAerfort na Sionnaine ón U.S. of A.

Uacht: Do chéad mile fáilte romhat anseo liom inniu
Tá's agat go mbíonn cuairteoirí ag teacht chugam go tiubh
Anseo chuig an Áras i bPáirc an Fhionnuisce
Gach aon chimeál duine ag ól mo chuid fuisce!

Punc: Níl mise anseo le haghaidh ithe nó ól
Níl branda nó fíon uaim, arán nó feoil
Ach seo mo 'credentials' is seo é mo shéal
Ó Uachtaráin Bush san U.S. of A

Uacht: Gabh mo leithsceal a Thaidhleoir a chroí
Tarraing suas cathaoir is bí i do shuí,
Pléfimid polaitíocht, trádáil 's spóirt
Síocháin 's muintearas is rudaí dá shórt.

Punc: Tá do theachsa go hálainn a Uachtarán dhil,
Ach tá sé ró-chiúin, chomh marbh le cill,
Nuair atáim sa bhaile ins an Teach Bán
Bíonn siamsa 's scléip ann is bíonn an áit lán.

Uacht: Ach anseo in Éirinn, táimid an-shiabhialta
Ní bhíonn siamsa anseo ach corr-chéilí rialta,
Is ní chuimhin liom riamh an teach a bheith lán
Ach picéad feirmeoirí amuigh ar an mbán.

Punc: Tuigim a Uachtaráin, in Éirinn faoi láthair
Go bhfuil an iomarca uisce, fadhb leis an mbáisteach
Ní mar sin againne, má deirim é
Tá gach rud go hiontach san U.S. of A

Uacht: Tá mise ag ceapadh a Thaidhleoir macánta
Gur fearr liom go mór bheith fliuch ar na bánta
Nó anseo sa teach ciúin munar mhiste leat é,
Ná bheith iomlán creacáilte san U.S. of A.

Punc: Más mar sin atá rudaí a Uachtaráin críonna
Ní fhanfaidh mé anseo le haghaidh blas do chuid fíona
Tá mé ar mo bhealach, níl tuilleadh le plé
Is fillfidh mé ar ais ar an U.S. of A.

Domhnall Ó Loingsigh

MULLACH MÓR

NÓIRÍN: Bhríde, a chara, a Bhríde, a stór
Céard ata a' tárlú amuigh i Mullach Mór
An troid 's an agóid 'san raic is an tóir
Táimid uile anseo leath-bhodhar ag an nglór.

Bríde: A Nóirín, a chara, ta an áit beagnach scriosta
Le lion mór maisíní, féach ar an liosta
Hi-Macs, is tractor, is JCB's munar mhiste
Leoraithe, trucanna, dumpers, níl sé sin cliste.

NÓIRÍN: Sin forbairt a chara, tá an tír 'dul ar aghaidh
Níl aon dochar déanta, dochar dá laghad
Cad tá ann ach concréid, mortar 's stroighin
Ní chóir duit bheith buartha, tá gach rud 'just fine.'

Bríde: Go bhfóire Dia ort a chara na féile
Nach bhfuil fhios a't go maith go bhfuil an áit trína chéile
Cuirfear stop leis táim a ra leat sin deireadh an scéil,
Níl an agóid, ach tosaithe a'inn, is nílimid chun géileadh.

NÓIRÍN: Diabhal 'fhios atá agam ó thalamh an domhan
An raic seo go léir faoi, áit nach bhfuil crann
Ná fiú páircín glas áit a thógfadh fear clann
Ní thuigim in aon chor an raic faoi atá ann.

Bríde: Tá tú a' caint faoin 'Burren' go bhfuil cáil air i gcéin
Faoin a áilleacht 's sléibhte 's an fharraige féin
Má thógtar an 'centre' seo beidh sé sin go léir milte
Ag trácht is ag truailliú is ag daoine 'na thuilte.

NÓIRÍN: Ach céard faoi na 'tourists' a thiocfaidh isteach
Chun staidéar a dhéanamh ar an dtimpeallacht
A chaithfidh na millúin ar cheol 's ar craic
An féidir linn siúd a choinneáil amach.

Bríde: Tá daoine le tuiscint is ciall ins an tír
A sheasfaidh i gcónaí don rud atá fíor
Tá Enda 's Cyril is an Dr. Bhamjee
Gan trácht dar ndóigh ar mé féin 's Michael D.

NÓIRÍN: Ach céard faoi na jabanna go léir a bheidh ann
Do na daoine sa cheantar, Cora Fine agus Gleann
Beimid uile saibhir, dhá charr a'inn nó trí
Leis an airgead a dhéanfaimid ón teach B & B

Bríde: Ó tá an tír go léir díolta ag daoine mar thusa
A ghlacann i gcónaí an bealach is fusa
Ach ní féidir liom fanacht leat, táimse ag fágáil
Caithfidh mé 'picket' a chur ar an Dáil!

Domhnall Ó Loingsigh

Sobal agus Nuacht ar an mBosca

Máire: Tarraing suas caothaoir a Bhrídín, a stór,
Tá sé in am teilfíse, ca bhfuil an 'remote control?'
Tá sé in am do Neighbours, ar RTÉ I
Caithfidh mé a rá seo an ceann is fearr liom féin.

Bríd: A Mháire dhil, bí ciallmhar, ná bac le clár mar sin,
Breathnóimid ar clár nuachta, tá an t-am sin buailte linn
Tá Alan agus Gráinne anois ar TV Three,
Mar sin dún do bhéal mór agus coraigh i do shuí.

Máire: Ná luaigh nuacht liomsa, an bhfeiceann tú an domhan?
É scriosta ag an truailliú, gach planda, bláth is crann.
Cogadh ins an Aifric, gorta san Éatóip,
Sadam is Bush ag argóint, is fearr go mór mo 'soap.'

Bríd: Teastaíonn uaim eolas ar chúrsaí uile an tsaoil.
Polaitíocht agus creideamh, spórt is eacnamaíocht,
Ní bhfaighfeá mórán eolais anois, má deirim é,
Ón dream seafóideach amaideach sa chlár sin Home and Away.

Máire: Ó tá sé sin go hiontach, ismaith liom é go mór,
Is an múinteoir deas sin Donald, is cinnte é mo stór.
Ansin tá Alf gleoite, is é mo pheata é,
Is iontach iad na daoine atá i Summer Bay.

Bríd: A Mháire, tá tú 'magadh, leis an gcaint seafóideach sin,
Níl ann ach drama sobail, go bhfóire Dia orainn!
Ní fada anois go Prime Time le Miriam Ó Callaghan ina bhun
Is tabharfaidh sise léargas ar chúrsaí reatha dúinn.

Máire: Is breá liom féin Fair City, i mBaile Átha Cliath,
Le Bella, Cha is Jimmy, is daoine álainn iad,
Nó céard faoin clár East Enders, le Peggy in san beár?
Pauline, Mark is Dotty, sea sin an ceann is fearr!

Bríd: A Mháire, tá tú caillte, tá tú cinnte as do mheabhair,
Éinne a bhreathnaíonn orthusan, níl acu ach intinn ghabhair,
Ó! Go bhfóire Dia orainn, an é sin an t-am anois?
Tá Nuacht a Sé caillte agam, agus Nationwide leis!

Domhnall Ó Loingsigh



AN BHEAN AGUS AN DOCHTÚIR

Bean

A dhochtúir, tá mé breoite,
Ó tá mé tinn le mí,
Le pianta i mo ghoile,
Ní ithim aon greim bídh.
Tá pianta i mo chnámha,
Gan trácht ar ghalar croí,
Ó tá mé spíonta caite,
Is tá mé lag gan bhrí.

Dochtúir

Tá leigheas agamsa duitse,
A thógfaidh suas do chroí,
Téigh suas go Lios Dún Bhearna
Is ól do sháith uiscí.
Ansin go dtí Cnoc Mhuire,
Go ndeanfaidh tú do ghuí,
Is críochnaigh suas ar saoire
Le Rásanna Thrá Lí.



Bean

A dhochtúir, tá mé cráite,
Le pianta cos is lámh,
Ní féidir liomsa bogadh
Mar gheall ar phian na gcnámh.
Mo luí dom ar mo leaba,
Ní bhfaighimse codladh sámh,
Níl faoiseamh le fáil agam
San oíche ná sa lá.

Dochtúir

Tá leigheas agamsa duitse
Is níl aon leigheas níos fearr:
Téigh suas go Cois na hAbhna,
Ag foghlaim seit an Chláir.
Caledonian is Lancers –
Nach mbeidh an sport thar barr!
Ní bheidh aon phianta cnámha
Agat arís go brách.

Bean

A dhochtúir, seo fadhb eile duit,
Faoi rún atáim á rá:
Blood Pressure nó brú fola
Ó bíonn sé á mo chrá,
Gach uair fheicim Bhamjee,
An buachaill báire breá,
Is bíonn mo chroí ag bualadh,
Níl fhios agam cén fáth.

Dochtúir

Tá leigheas agamsa duitse,
A réiteoidh do chás:
A dhul amach ag joggáil
Sa Marathon ag rás.
Cuir suim i ngach rud timpeall ort,
Gach rud atá ag fás,
Ná bac le Dr. Bhamjee,
Ach téigh sa Pháirtí Glas.

Bean

Chuaigh mé chuig Bhamjee
Is d'inis mé mo chás,
D'iarr mé cabhair air-sean,
Ar eagla go bhfaighinn bás.
Sé'n rud a dúirt sé liomsa –
Nach eisean a bhí glic! –
Go dtabharfaidh seisean leigheas dom
Má vótáilim do Dick.

Dochtúir

Glac comhairle anois uaimse
Is beidh tú slán go deo,
Cuir glaoch anois ar Ghaybo
Ar seó an ráidió.
A 10 a chlog ar maidin,
An t-am a bhíonn an seó,
Is féidir leisean réiteach
A fháil don bhfadhb is mó.

Domhnall Ó Loingsigh

Ag Faoistin

Peacach
Beannaigh mé, a Athair,
Mar is peacach mé;
Tá gach reacht is Aithne
I Naomh-Eaglais Dé
Briste agam le sé mhí,
Mar sin táim anseo ag guí,
Chun gach rud atá déanta
Ní bheidh aon rud séanta
A chur ina cheart,
A Dhia, tabhair dom neart.

Peacach
A Athair, a stór,
Tá peacaí go leor,
Idir mór agus beag
Le hinsint agam.
Tá coir agus sléachta,
Is gach cineál éachta,
Níos measa ná chéile –
'Gus is dona liom san.
Ní dhéanfaidh cur síos
Mar bheinn ar bís,
Ach ardaigh mo chroíse,
A Athair, déan san.

Peacach
A Athair na céile,
Is tú croí na Féile,
Is beimid le chéile
Ar aon fhocal faoi seo.
Ach tá eagla orm,
Faoin Fear thuas sa Ghorm,
Is gur isteach sa sorn
Go gcaithfidh mé dul.
Tá mo pheacaí chomh líonmhar,
Nach féidir liom cuimhneamh,
Ní fiú amháin smaoineamh
Ar cheann acu anseo.

Peacach
A Athair, a stór,
Ní maith liom do ghlór;
Is níl seo maith go leor –
Leis an dó is an sceon,
Tá athrú meoin.
Is faitíos dom 'thón
Tagtha orm.
Tá mise ag ceapadh
Go n-imeoidh mé go tapaidh,
Do chaint chuir orm eagla
Roimh an Fear thuas sa Ghorm.

Sagart
A pháiste mo chroí,
Ná bíodh ort imní,
Tá Dia lách
Le maithiúnas do chách.
Abair leat do pheacaí,
Déan breithiúnas aithrí,
Is ní fada go bhfanfaidh
Síocháin ar do anam.

Sagart
Má insíonn tú ar dtús
Le faobhar is le luas,
Chomh beacht is is féidir,
Ní an data féin b'fhéidir,
A bhí sagart sásta
Is a thug duit a ghrásta
Tríd an Sacraimint seo,
Nuair labhair tú le guth
Soiléir is macánta,
Is do pheacaí 'bhí glanta.

Sagart
Is oth liom a rá
Gur cheart is gur gá
Gach coir is mí-ádh
A insint go pras.
Ná ceil aon ní,
Inis gach mar a bhí,
Faoi dhó nó faoi thrí –
Nó díolfaidh tú as.
Go hIfreann lom,
Sea, rachaidh tú ann,
Ag dó leat go fann,
Is ní bhogfaidh tú as.

Sagart
Tar ar ais chugam go gasta,
Mar táimse sásta,
Mo bheannacht is mo ghrásta
A bhronnadh ort.
Dá dtuigfeá chomh binn
Is atá Mac an Duine,
Is ortsa ansin
A bheadh athrú poirt.
Tá sé imithe i gcéin –
Mo bhrón is mo lean –
Sea, bogfaidh mé féin
As seo ar an dtoirt.

Domhnall Ó Loingsigh

Garda agus Meisceoir

Garda: Cé hé sin ansin ag siúl leis go cam
ag feadaíl is ag canadh is aige an greann:
Ag satailt ar bhánta de dhaoine macánta.
Mhúinfinn ceacht dó a d'fhágfadh é beo,
sa stáisiún a'ainn thíos áit nach mbeidh air aon chíos.

Meisceoir : Ó Dhia na Féile, seo chugam fear na céile,
Is a chaipín le snas, ar a chloigeann mór práis.
A bhróga mar bháid, ag dul síos an tsráid
Mar bharc insane oíche, nach stopann riamh choíche.

Garda: Sé an tuairim atá a'am,
Sé an fhírinne lom, a ghiolla na leisce,
Go bhfuil tu ar meisce.
Bheadh tusa níos fearr, gan suí isteach sa charr.
Sin a cheapaimse féin, ó mo thaithi is mo léinn.
Is an dath sin a fheicim, ag lonradh id' leiceann.

Meisceoir: A Gharda séim uasail, nach bhfuil fhios maith agatsa,
Go bhfuilimse ólta, ní ólaim in aon chor,
Ní inseoinn duit bréag, ní smaoineoinn ar a leithéid.
Sé fírinne an scéil, gan magadh , gan áibhéal,
Dá n-éagfainn anocht, bheinn marbh gan deoch.

Garda: A leibide gan ciall, d'inseofá go fial,
Gach bréag insan leabhar,
go dtí go mbeinn bodhar.
Dá gceapfá nach ndéanfainn mo ghnó is mo dhiúte.
Ach éist liom anois, is ná bí ar bís,
Táimse chun a iarraidh ort an mála seo a líonadh led' anál dar ndóigh,
is feicimid cad a tharlóidh.

Meisceoir: A dhine deas coir, tá gaoth agam go leor
Chun fiche mar seo a líonadh go scrogall.
Fan tusa siar, is ní bheidh tú i mbaol
Is líonfaidh mé siúd i bpreab de do shúil,
Ní gá duit bheith faitíoch, ní thígfaidh sé fada.

Garda: Tabhair aire do seo, is ná pléasc é le do thoil
Níl ceann eile agam im' sheilbh inniu.
Ó a ladhb mór na cruinne tá tú gránna mar dhuine,
Phléasc tú mo mhála, ag loit na tástála,
Gread leat as mo shlí, is fág mar a bhí.

Meisceoir: Nach mise an cleasai, gan éirí ró-theasaí,
Leis an ladhb sin de gharda, is a bhréagán de mhála.
Nach maith e nár thug as mo bhuidéal dó slug,
Bheadh fhios aige cinnte gur bréag a bhí inste.
Is go raibh mé ag ól, ó mhaidin dar ndóigh.

Domhnall Ó Loingsigh

Margadh na hinse



Feirmeoir

Nach breá í mo bhó,
I gcuma, i gcló,
Is nach iontach go deo
An bainne ar ndóigh
A thugann sí uaithi
Gach oíche is ló.
Níl bó níos fearr
I gContae an Chláir.
Céad euro an luach
A theastaíonn uaim.

Ceannaí

An ndeireann tú liom
Go n-iarrfá céad euro
A chréatúirín lag,
Gan fuil is gan feoil,
Gan inti ach cnámh,
Ainmhí bocht lom,
Is cruit ar a drom
Ón bhfuacht is ón ghaoth?
Seo – gread as mo shlí!

Feirmeoir

Fan nóiméad, a mhic,
Go n-inseoidh mé duit
Faoin mbó seo agam
A fheiceann tú ansan,
Chomh cneasta le huan
Moch maidin Dé Luain.
Ní gá duit bheith crosta,
Ach do sparán a oscailt;
Leag an t-airgead ámh
Anuas ar mo láimh,
Is gheobhaidh tú í,
A chara mo chroí.

Ceannaí

Rud atá an-soiléir –
Ní itheann sí féar,
Ná coirce, ná eorna,
Ná prátaí, ná turnap.
An bhfuil tú ag súil
Le hairgead is stór,
Is mála mór óir?
Más mar sin atá,
Is fada an lá
A bheidh tú ansin
I do sheasamh sa sráid.

Feirmeoir

A Ghiolla na masla,
Nach mór é do bhéal!
Do bhrisfinn na pusa
Ag daoine mar thusa,
Is thabharfainn cluas dhearg
Dá gcuirfeá sa fhearg
Ormsa a thuilleadh –
Cic maith sa tóin
Is bhuailfinn tú romham
Trasna na sráide
Lem bhróga mhóra láidre.
Bheadh daoine ag gáire,
Is ortsa, bheadh náire.

Ceannaí

Tóg bog é, a chroí,
Níl gá le himní.
Is ná déan aon ní
A bhrisfeadh an dlí.
Bhí mise ag magadh,
Níl aon ghá le cogadh,
Ná fiú lena fhoinse,
I mbaile na hInse.
Déan margadh go gasta,
Is beidh an bheirt againn sásta.

Feirmeoir

Má tá tú féin réidh,
Gan magadh, gan bréag,
Luach mo ainmhí
A thabhairt dom sa tslí,
Is nach mbeadh focal eadrainn,
Ach cairdeas is paidrín,
Is ólfaimid fíon
Go deireadh na bliana.
An margadh déanta
Le gach ceann de na braonta.
Seo, sín chugam do lámh,
Is codlóimid go sámh.

Ceannaí

Táimse den tuairim
Go bhfuil gach uile cúram
A bhain leis an díol
Déanta go fíal.
Tá an t-airgead agam,
Téanaim ort go teann,
I dteach sin an leanna
Inár suí ar na stóil,
Ag ithe 'gus ag ól.
Anois tá an scéal inste
Faoi mhargadh na hInse.

Domhnall Ó Loingsigh

Múinteoir agus Leisceoir

1. Múinteoir: Is mise an múinteoir ar mire.
Is fada mo chroíse faoi chrá
Tá mé breoite is buartha is briste
Agus cúrsaí anseo mar atá
Sin cúig la déag an mhí seo
A tháinig tú déanach ar scoil.
Níl mé sásta cur suas le do leisce.
Mínigh anois le do thoil!

2. Leisceoir: Maith dom a mhúineoir, a chara.
Déanfaidh mé iarracht níos fearr.
Tiocfaidh mé luath ar maidin
Is ní bheidh mo lá scoile chomh ghearr.
Bím déanach ag dul ag an leaba
Is ní chodlaím an oíche ar fad.
Bím buartha faoi chúrsaí na scoile:
Gach múinteoir is girseach is lead.

3. Múinteoir: Ní chreidim aon fhocal a deir tú
Tá do bhréaga chomh binn leis an lon.
Ní bhíonn tú buartha faoi aon rud
Ach capaill is rásaí na gcon.

4. Leisceoir: Tá mata ag baint leis na rásaí
Tá uimhríocht mhór ag baint leo:
Euro fiche cúig, is cáin air,
Ar chéad áit a naoi lena dó....

5. Múinteoir: Tá Mata níos fearr ann, dar ndóigh,
Níos fíirstiní fós, mar atá:
Comhaireamh gach cloch ar do phaidrín
Is tú i mbun paidreacha a rá!
Is ní ghléasann tú chloiche go néata.
Is cá bhfuil an snas ar do bhróig?
Do charbhat, casóg is cóta,
A ghligire ghlic ghamalóig?

6. Leisceoir: Ró-ghnóthach a bhím, a mhúinteoir.
Bíonn chuile short rud i mo cheann,
Is ní chuimhním choíche ar éadaí
Is mé i mbun véarsa de dhán. .
Nuair a bhímse ag scríobh is ag cumadh
Ní thugaim aon aird ar an saol
Ach ar bhriathra atá mealltach is milis
Is is cuma faoi éadaí, is baol

7. Múinteoir: Bhuel shílfeá gur Virgil 'bhí ionat.
Nó Horace nó Homer gan ghó,
Nó Máirtín Ó Direáin nó Shakespeare
Le do ghuthaí is do ghéimneach bó.
Ach chonaic mé dán de do chuidse
Ar an chlár dubh i seomra a sé
"Óbhó! arsa bó leis an tarbh.
Unc! Unc! arsa gandal le gé."

8. Leisceoir: Bhuel ní hiadsan is deise dar scríobh mé
Ach ta tusa chomh searbh le deor.
Is beag liom do cháineadh 's do ghearán:
Mún dreoilín san fhearraige mhór!

9. Múinteoir: Éist leis an mbrocamas sin uait!
Droch-chaint uait oíche is lá!
Focail nach ceart duit a úsáid
Ach má bhíonn tú ag iarraidh mé 'chrá!

10. Leisceoir: Ní bhímse ag iarraidh do chéasadh.
Ní bhímse ag iarraidh do chrá.
Ach is cuma sa tsioc cad a dhéanaim
Bíonn rud éigin agat le rá!

11. Múinteoir: Nach fúmsa bheith 'faire go fiosrach
Ar do leithéidse amadáin bocht.
Tá rialacha daingne sa scoil seo
A chaithfear a choinneáil go docht.

12. Leisceoir: Tá rialacha ann do gach duine,
Do mhúinteoirí is leanaí araon.
Tá níos mó le foghlaim sa scoil seo
Ná toradh a haon is a haon.
Tá do shá anois ráite, a mhúinteoir.
Gabh ar ais ag do rang le do thoil.
Is cé dona mar dhuine mé, cuimhnigh:
Is mé do phríomhoide go fóill!

Ray Mac Mánais

NAOMH PÁDRAIG AGUS NAOMH BRÍD

1. Bríd:
Tá fáilte romhat, a Phádraig mhóir,
Is fada linn do theacht ar cuairt
A Phátrúin Inis Fáil,
A laoch thar laochra Éireann,
A Naoimh fá chlú 's fá cháil,
Go clochar seo na mbán
I ndiaidh chomh gnóthach is atá tú,
Gan bhomaite ar fán.

2. Pádraig:
A Bhríd, a Naoimh, a chara 'chroí,
Ní fhanfaidh mé i bhfad.
Beidh cluiche peile ann gan mhoill
Le mo chairde gaoil ar fad.
Naomh Colm is Naomh Oilbhéir,
Is Lorcán Naofa Ó Tuathail,
Cúchulainn agus Ferdia,
Is mo chara Fionn Mac Cumhaill.

3. Bríd:
Gura fada uainn mar pheaca é,
'do choinneáil ó do spórt,
Peil is galf is sacar fiú,
Is cártaí, 's chuile shórt.

4. Pádraig:
Is ní hiad sin is measa díobh,
Do nósanna nach binn:
Tá rásaí capall ann chomh maith,
Is ól, is... stuff mar sin.

5. Pádraig:
D'iarr tú orm teacht inniu
Chun cúrsaí eile a phlé.
Cár mhiste duit mo nósanna
Mura n-imím giota ar strae?

6. Bríd:
Tá mé buartha fá mo mhuintir,
Faoi mo phobal dílis bhreá –
Iad ag fulaingt fá do thionchar,
Cathú orthu achan lá.

7. Pádraig:
Arra, glac go réidh é, a Bhrídín,
Níl aon chúis bhuartha ann.
Is fada Gaeil ag cearrbhachas,
Ag ól 's ag troid le fonn.

8. Bríd:
Ba chuma leat na peacaí sin,
Is tú chomh ciontach leo –
Tusa is Naomh Peadar –
Ní bheidh ciall agaibh go deo.
Níl ann ach cúpla mí ó shin
A d'imigh sibh amach,
Is gan duine 'mbun an gheata,
Ní fios cé 'thig isteach!

9. Pádraig:
Naomh Iosaf a ba chúis leis sin:
A bhreithlá a bhí ann,
Is d'iarr sé orainn imeacht leis
Amach ag rásaí con.

10. Bríd:
Tá Tír na hÉireann náirithe agat,
Is eagal liom a rá.
Tá mise is na siúracha
Fá chéasadh is fá chrá.

11. Pádraig:
Phléigh muid é, is ríomh muid é,
Is scrúdaigh muid an scéal:
Cé againne ab'fhearr sa phost
Mar Phátrún ar na Gaeil?

12. Pádraig:
Ag iarraidh mé a ruaigeadh???
Ní thiocfaidh leat, a Bhríd!!!
Má chuirtear é ag pobalbhreith,
Is mise a thiocfas tríd

13. Bríd:
Beag seans ar phobalbhreith,
Is tú abhus fá ghlas!
Tá tú fuadaithe, a Phádraig,
Is níl bealach eile as.
Ach preas-agallamh a ghairm,
Is é a rá os comhair an tsaoil,
Gur mise, Bríd, do chomharba
Mar Phátrún ar na Gaeil.

14. Pádraig:
Inis dom, a Bhrídín,
Is inis dom go ghlan:
Ón Uachtarán, go cinnte,
A d'fhoghlaim tú an plean?

15. Bríd:
Óna soilse, Mary Robinson,
A d'fhoghlaim mé an chaoi –
Is chugamsa gach oíche
Beidh Éire, faoi do Phátrúnacht,
Gan pheaca is gan raic,
A bhíonn sí ag guí!!!
Gan troid, gan ól, go cráifeach ciúin,
Céad slán go deo le craic!!!

Ray Mac Mánais

An Peacach Glic

1. PEACACH:
Seo anois mé ag geata na bhFlaitheas.
Ní raibh mé i gcónaí im' aingeal,
Tá mé fuar agus feosaí 'gus fann.
Cé nach ndearna mé riamh peaca mór,
Bhur mbarúil an scaoilfear isteach mé?
Tá m'anam sórt breac, seachas bán!
Beidh an t-eolas ar fad ag Naomh Peadar,
Beidh sé 'lig breactha síos ina leabhar.

2. PEADAR:
Ní bheidh mé 'léamh as leabhar ar bith feasta!
Ní fheicfear arís leabhar i mo ghlaic!
Dia féin a fuair réidh leis an leabhar sin,
Céad slán leis an sport is an chraic

3. PEACACH:
Bhuel, shoilse, a Pheadair, a Aspail,
Bhí do phictiúr ar crochadh sa teach,
Is neach chugat a ghuígh mé gach oíche.
B'é seo an bealach isteach?

4. PEADAR:
Fan go fóillín, a phleidhce. Bí foighdeach!
Glac cúrsaí go réidh is go deas!
Caidé an fuadar atá fút, a phlasáin?
Ní miste do bheatha a mheas!

5. PEACACH:
Seo an chéad uair domhasa bheith marbh,
Is ní ritheann sé seo le mo chiall:
Níl cuntas mo bheatha sa leabhar –
Is tú ag iarraidh mé fós a chur faoi thriail!

6. PEADAR:
Foighid ort, a scraistín, is éist liom!
Cé nach bhfeiceann tú leabhar i mo bhois,
Bhí an smaoineamh breá úr seo ag Dia:
Tá muid 'lig ar computer anois!
Ach níl mé sásta é a fhágáil faoi inneall –
Má's peaca é seo, ní é sin!
Só bhain mé an diabhal fuse amach as!
Ná lig ort gur chuala tú sin

7. PEACACH:
Siúr, nach n-oireann sé sin domhsa, fosta,
Gan an rún sin a scaoileadh go deo!
Níl cuntas mo bheatha le scrúdú?
Isteach liom anois, go beo!

8. PEADAR:
Fan socair, a leibide léimnigh!
Is mise go fóill atá ina bhun.
Is faraoir go bhfuil droch-scéala agam:
Tá cuntas do shaoil i mo cheann!

9. PEACACH:
Bhuel, blaisteáil is fuil agus gráin ort!
Guím mallacht ort oíche is lá!
Bhí mé ag míradh do chuimhne, a Pheadair!!
B'shin an méid a bhí mé ag rá!

10. PEADAR:
Ní mo chuimhnese féin atá le móradh,
Ach cuimhne Naomh Pádraig fá chlú,
Is dar leis, a bhí ag faire go géar ort,
Gur tusa an rogaire dubh!!

11. PEACACH:
Bhuel, damnú ar Phádraig an scéitheoir!
Sé an béal ina thost a bhí binn!
Tig liom brath ar Naomh Pádraig mar réiteoir –
Tá mé cinnte go bhfuil a chuimhne thar cinn!

12. PEADAR:
Bhuel is cuimhin leis tusa mar scabhtéir,
Tú ag troid 's i dtrioblóid gan baol.
As do chlann is do mhuintir trí chéile,
Chuirfinn athrú mór ar mo shaol!

13. PEACACH:
Tá tú cúisithe as goid is as bréaga,
As tarcaisne, troid agus só,
Ach thar peaca ar bith ar an liosta
Rinn tú poitín d'oíche is ló!!

14. PEADAR:
Diabhal cosaint ar bith ar an chúis sin!
Le teann mórtais is féidir a rá
Nach raibh stiléara eile in Éirinn
Rinne poitín chomh blasta is breá!

15. PEACACH:
Nuair a bhíonn mise is Pádraig inár mbeatha,
D'óladh muid braoinín le fonn,
Is níl agam ach ceistín bheag bhídeach:
Ar thug tú leat buidéal anonn?

16. PEADAR:
Cionn duitse is cionn do Naomh Pádraig!
Bhí sé doiligh é a smugláil amach!
As feabhas do chuid dí, tá tú maite!
Goitse anois! Fáilte isteach!!

Ray Mac Mánais

FEAR CATHRACH AGUS FEAR TUAITHE

1. Fear na Cathrach: Tá tú agam faoi dheireadh a scraistín.
Tá mé 'do lorg le breis agus mí,
Mar tá rud agam duit i mo phóca
A bhainfidh an spraoi as do chroí.
Seo bille deas cánach, a phleidhce,
Agus íocfaidh tú gach pingin rua,
Agus íocfaidh tú 'nois é, a ghamail –
Níl mise ar mo shuaimneas faoin tuath.

2. Fear Tuaithe: Bhuel céard é go díreach an cháin seo?
Fear simplí mé féin i mo chroí,
Is ní thuigim an difir go baileach
Idir VAT agus PAYE.
Ní thuigim cén fáth nó cén bealach
'mbeadh airgead uaimse de dhíth.
Is bíonn deacracht mhír agus le comhaireamh
Nuair a théann an uimhir thar…trí.

3. Fear na Cathrach: Beidh tú ábalta an bille seo 'chuntas
Mar níl ann ach trí uimhir go cruinn:
Tá trí ag an tús is dhá náid leis.
Naoi gcéad euro! Siúr nach díithín é sin!
Tá sé faighte amach ag an oifig.
Go ndeisíonn tú carranna gan stad,
Go bhfuil na mílte sa bhanc anois agat,
'S gur saor ó cháin 'tá an taisce ar fad.

4. Fear Tuaithe: Arra a dhiabhail nach aisteach an saol é
Go gcreidfeá a leithéid bheith fíor,
Is gan aon chur amach agamsa ar innill –
Níl aithneonnse throttle thar gear!

5. Fear na Cathrach: Bhuel ní hé a chuala mise, a scraistín,
Ach gurb agat 'tá gach spanner cuí
Chun tarrchóir 'bhaint as a chéile
Is thar oíche 'chur ar ais mar a bhí.
Gur genius mach is amch thú,
Meicneoir míorúilteach gan ghó,
Nach bhfuil carr ar aon bhóthar in Éirinn
Nach dtig leat a dheisiú gan stró.

6. Fear Tuaithe: Bhuel ní bhuailim mo sciath do hiondúil,
Ach caithfidh mé a admháil gan dabht
Go ndéanaimd corr jab do mo chairde,
Is nach n-iarraim ach praghas buidéil stout.

7. Fear na Cathrach: Is tú an fear is mó pórtair in Éirinn
Má's fíor d'á bhfuil agat le rá
Ar an airgead 'tá agat i dtaisce
Bheifeá ag slogadh céad buidéal sa lá.
Tá an naoi gcéad euro sin anois uaim
Sula n-imím abhaile anocht
Tá mé cinnte gur eag leat an méid sin
'S nach baol thú bheith fágtha beo bocht!

8. Fear Tuaithe: Sula n-íocaim an bille seo cánach
Níl agam ach ceistín amháin:
Cén dochar é sin 'tá á dhéanamh
Ag an tarbh mór bradach fiáin?
Ba leatsa an Mercedes breá nua?
Tá dath bhán ar d'aghaidh; Dia linn!
Féach a adharca trí grill agus bonnet!
Níor choir é a pháirceáil ansin!

9. Fear na Cathrach: Sé mo charrsa breá nua an Merc sin,
Ach anois ní aithním an cruth!!
Féach an damáiste mór atá déanta!
Is tá an tarbh i ndiaidh cac ar mo roth!!!
Ag an diabhal leat fein is do tharbh!
Cad a dhéanfaidh mé 'nois gan mo Mherc?
Beidh na céadta 's na mílte ar a dheisiú!
Céad slán le mo Mheirc is mo pherk!

10. Fear Tuaithe: Ná bí duairc agus brónach, a chara.
Ní raibh fadhb gan a réiteach go deo.
Is tá reiteach na faidhbe seo agam –
Nach mé an meicneoir míorúilteach gan ghó!!!
Beidh cuma chomh breá ar an Merc sin
Go mbeidh gach duime eile in éad.
Is ní bheidh ar a dheisiú ach dóithín:
Ní ghearrfaidh mé ort ach naoi gcéad!!

Ray Mac Mánais